Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Márta 2025
(OR. en)

7468/25

SOC 171
EMPL 116
SAN 126

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Kaire SAAREP, comhalta don Eastóin, in ionad Silja SOON, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Silja SOON éirithe as oifig mar chomhalta den Bhord Bainistíochta thuas i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais (thar ceann na hEastóine).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta.

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Kaire SAAREP ainmnithe ag Rialtas na hEastóine don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU- OSHA), mar a leagtar amach in 7469/25 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.